Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Feabhra 2022**
**(OR. fr)**

**6454/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0002(NLE)**

**FISC 51**
**ECOFIN 157**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 5394/22 - COM(2022) 8 final |
| Ábhar: | Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 a mhéid a bhaineann leis an deimhniú díolúine ó CBL agus/nó ó dhleacht mháil a thabhairt cothrom le dáta<br>- Glacadh |

1. An 13 Eanáir 2022, fuair an Chomhairle an togra ón gCoimisiún[1] maidir leis an ábhar thuasluaite.

2. An 28 Eanáir 2022, chuir an Uachtaránacht faoi bhráid na dtoscaireachtaí sa Mheitheal um Cheisteanna Cánach (Cánachas Indíreach) dréacht athbhreithnithe de théacs an Rialacháin Cur Chun Feidhme, dár dhearbhaigh na toscaireachtaí uile a gcuid tacaíochta.

3. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle an méid seo a leanas:
   – an cinneadh cur chun feidhme thuasluaite, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 6066/22 é, a ghlacadh mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo;
   – a chinneadh go bhfoilseofar an cinneadh cur chun feidhme sin san Iris Oifigiúil.

[1] 5394/22.